

GLAO AR LÉIRIÚ SPÉISE DO GHNÍOMHAIRÍ AR CONRADH

EPSO/CAST/P/1/2015 - Oifigeach airgeadais – Grúpa Feidhme III
EPSO/CAST/P/2/2015 - Comhairleoir airgeadais – Grúpa Feidhme IV
EPSO/CAST/P/3/2015 - Oifigeach tionscadal/clár – Grúpa Feidhme III
EPSO/CAST/P/4/2015 - Comhairleoir tionscadal/clár – Grúpa Feidhme IV

*Ní foláir clárú faoin sprioc-am seo:
níl aon sprioc-am ann d'iarratais a chlárú don phróiseas roghnúcháin seo*

Tá an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) ag eagrú próiseas roghnúcháin nach bhfuil dáta clabhsúir luaite leis chun bunachar iarrthóirí a thiomsú óna bhféadfaidh na Gníomhaireachtaí Feidhmiúcháin gníomhairí ar conradh a earcú i réimse an airgeadais agus na bainistíochta tionscadal.

Reáchtálann na Gníomhaireachtaí Feidhmiúcháin cláir de chuid an Aontais Eorpaigh ar son an Choimisiúin Eorpaigh i réimsí éagsúla, e.g. taighde, oideachas, gnó, nuálaíocht, fuinneamh, comhshaol agus sláinte. Is sa Bhruiséil agus i Lucsamburg atá na Gníomhaireachtaí lonnaithe:

- [An Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Ciosamhairc agus Cultúir \(EACEA\)](#), an Bhruiséil
- [An Gníomhaireacht Feidhmiúcháin um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide \(EASME\)](#), an Bhruiséil
- [Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde \(Gníomhaireacht Feidhmiúcháin ERC\)](#), an Bhruiséil
- [An Gníomhaireacht Feidhmiúcháin um Thomhaltóirí, Sláinte, Talmhaíocht agus Bia \(CHAFEA\)](#), Lucsamburg
- [An Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Taighde \(REA\)](#), an Bhruiséil
- [An Gníomhaireacht Feidhmiúcháin um Nuálaíocht agus Gréasáin \(INEA\)](#), an Bhruiséil

Tá coinníollacha oibre gníomhairí ar conradh leagtha síos i gCoinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh¹ agus sna forálacha ginearálta maidir le hAirteagal 79(2) de na Coinníollacha Fostaíochta sin a chur chun feidhme sna gníomhaireachtaí^{2,3}.

Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar aon cheann de na próifílí agus grúpaí feidhme seo thíos nó orthu uile:

Oifigeach airgeadais – Grúpa Feidhme III (EPSO/CAST/P/1/2015)
Comhairleoir airgeadais – Grúpa Feidhme IV (EPSO/CAST/P/2/2015)
Oifigeach tionscadal/clár – Grúpa Feidhme III (EPSO/CAST/P/3/2015)
Comhairleoir tionscadal/clár – Grúpa Feidhme IV (EPSO/CAST/P/4/2015)

¹ <http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CONSLEG:1962R0031:20110101:EN:PDF> (Caibidil IV, lch. 215).

² Tá tuilleadh eolais i dtaobh na bhforálacha cur chun feidhme ginearálta ar fáil ar shuíomhanna gréasáin na nGníomhaireachtaí.

³ Tabhair do d'aird go bhféadfadh sé go ndéanfaí athbhreithniú ar na forálacha cur chun feidhme ginearálta sna míonna amach romhainn.

Tabhair do d'aire gur gnách go gcuireann líon mór iarrthóirí ardcháilithe isteach ar na glaonna ar léiriú spéise do ghníomhairí ar conradh. Chomh maith leis sin, i gcás an ghlaio seo, ní dhéanfar ach líon teoranta de na hiarrthóirí atá cláraithe sa bhunachar sonraí a chur ar an ngearrliosta, a chur faoi scrúdú, a chur faoi agallamh agus, ar deireadh, post a thairiscint dóibh.

DUALGAIS AN PHOIST

Faoi mhaoirseacht oifigigh nó baill den fhoireann shealadach, déanfaidh an gníomhaire ar conradh cúraimí i réimse an airgeadais agus na bainistíochta tionscadal. Seo thíos samplaí de na dualgais a d'fhéadfadh a bheith le déanamh:

Oifigeach airgeadais (Grúpa Feidhme III)/Comhairleoir airgeadais (Grúpa Feidhme IV):

- Pleanáil agus monatóireacht buiséid, agus faisnéis agus tuairiscí ar an mbuiséad a sholáthar
- Comhordú agus comhairle airgeadais, anailís agus tuairisciú airgeadais
- Tionscnamh agus/nó fíorú airgeadais
- Tacaíocht airgeadais
- Faisnéis airgeadais a bhainistiú
- Glaonna ar thairiscintí agus glaonna ar thograí a ullmhú agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- Cúraimí riaracháin a bhaineann le sócmhainní

Oifigeach tionscadal/clár (Grúpa Feidhme III)/Comhairleoir tionscadal/clár (Grúpa Feidhme IV):

- Bainistiú ginearálta clár: an próiseas deontas agus glaonna ar thairiscintí a bhainistiú
- Sonraíochtaí teicniúla a ullmhú do ghlaonna ar thairiscintí
- Meastóireacht agus monatóireacht a dhéanamh ar ghlaonna ar thograí agus iad a chur chun cinn
- Meastóireacht agus monatóireacht a dhéanamh ar thionscadail agus idirbheartaíocht a dhéanamh ina dtaobh
- Meastóireacht airgeadais a dhéanamh ar thionscadail agus ar chláir
- Tuarascálacha agus staitisticí a ullmhú
- Tacú le bainistiú clár agus tionscadal

[Tá tuilleadh eolais in IARSCRÍBHINN I faoi phríomhdualgais an phoist.](#)

NA COINNÍOLLACHA INCHÁILITHEACHTA

Ní mór d'iarrthóirí na coinníollacha UILE seo a chomhlíonadh an dáta a mbeidh siad ag bailíochtú a n-iarratais:

Coinníollacha ginearálta	<ul style="list-style-type: none">• A gcearta mar shaoránach de Bhallstát den Aontas Eorpach a theachtadh• Aon oibleagáidí i dtaca le seirbhís mhíleata atá orthu de réir an dlí náisiúnta a chomhlíonadh• Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh a theastaíonn chun dualgais an phoist a dhéanamh <p>Cuireann na hInstitiúidí Eorpacha beartas comhdheiseanna i bhfeidhm agus glacann siad le hiarratais gan aon idirdhealú a dhéanamh atá bunaithe ar aon fhoras amhail gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna</p>
--------------------------	--

	géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, réadmhaoín, breith, míchumas, aois nó claonadh gnéasach.
Coinníollacha sonracha: teangacha	<ul style="list-style-type: none"> • Teanga 1: leibhéal C1 ar a laghad i dteanga de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh⁴ • Teanga 2: leibhéal B2 ar a laghad sa Bhéarla, sa Fhraincis, nó sa Ghearmáinis; teanga nach í teanga 1 í <p><i>Tá tuilleadh eolais i dtaobh leibhéil teanga i gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha</i></p> <p>https://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr</p> <p>Tá tuilleadh eolais in IARSCRÍBHINN II ar úsáid teangacha i gcomórtais earcaíochta an Aontais Eorpaigh.</p>
Coinníollacha sonracha: cáilíochtaí agus taithí oibre	<p>Grúpa Feidhme III:</p> <ul style="list-style-type: none"> • <i>Oideachas iar-mheánscoile agus diplóma bainte amach ag a dheireadh, nó</i> • <i>Oideachas dara leibhéal agus diplóma bainte amach ag a dheireadh a thugann rochtain ar an oideachas iar-mheánscoile, agus taithí oibre chuí trí bliana ar a laghad de thaithí oibre chuí.</i> <p>Grúpa Feidhme IV:</p> <ul style="list-style-type: none"> • <i>Cúrsa iomlán staidéir ollscoile trí bliana ar a laghad agus diplóma bainte amach ag a dheireadh, nó</i> • <i>I gcás ina dtugtar rochtain i mBallstát den Aontas ar ghairm ar leibhéal atá comhionann le Grúpa Feidhme IV trí scrúdú Stáit, trí oiliúint oibre nó ar dhóigh den chineál céanna, féadfaidh an t-údarás atá údaraithe conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích toiliú lena aithint go bhfuil an cháilíocht sin comhionann le diplóma ollscoile.</i> <p><i>Ní ghlacfar ach le cáilíochtaí arna mbronnadh ag Ballstáit den Aontas Eorpach nó le cáilíochtaí a aithníonn na Ballstáit ábhartha den Aontas a bheith comhionann leo. Más rud é gur tír lasmuigh den Aontas a bhronn an diplóma, féadfar iarraidh ort cruthúnas a fháil ó údarás aitheanta gur comhionann an diplóma sin agus diplóma ón Aontas Eorpach.</i></p>

CONAS A DHÉANFAR AN ROGHNÚ

Tá na céimeanna seo a leanas ina gcuideán den nós imeachta roghnúcháin:

- 1) *Déanann na seirbhísí earcaíochta cuardach i mbunachar sonraí na n-iarrthóirí atá cláraithe*
- 2) *Réamhroghnú: trialacha ilroghnacha ar ríomhaire*
- 3) *Agallamh le haghaidh poist*
- 4) *Earcaíocht*

Tabhair do d'aire nach ionann ainm duine a bheith sa bhunachar sonraí agus gealltanais go dtairgfear post dó. Le bheith incháilithe do thairiscint poist, ní foláir duit na coinníollacha incháilitheachta a chomhlíonadh agus na chéad 3 chéim a bhfuil cur síos orthu thuas a bheith curtha i gcrích agat.

⁴ Is iad seo a leanas teangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh: BG (an Bhulgáiris), CS (an tSeicis), DA (an Danmhairgis), DE (an Ghearmáinis), EL (an Ghréigis), EN (an Béarla), ES (an Spáinnis), ET (an Eastóinis), FI (an Fhionlainnis), FR (an Fhraincis), GA (an Ghaeilge), HR (an Chróitis), HU (an Ungáiris), IT (an Iodáilis), LT (an Liotuáinis), LV (an Laitvis), MT (an Mháltais), NL (an Ollainnis), PL (an Pholainnis), PT (an Phortaingéilis), RO (an Rómáinis), SK (an tSlóvaicis), SL (an tSlóivéinis) nó SV (an tSualainnis).

5) Déanann na seirbhísí earcaíochta cuardach i mbunachar sonraí na n-iarrthóirí atá cláraithe

De réir mar a thiocfaidh folúntais chun cinn, déanfaidh na seirbhísí earcaíochta cuardach i dtairseach an earcaitheora i mbunachar sonraí EPSO agus cuirfidh siad líon teoranta iarrthóirí ar an ngearrliosta, arb iad na hiarrthóirí is fearr, ar bhonn na faisnéise ina n-iarratas, a oireann do dhualgais an phoist.

2) Réamhroghnú: trialacha ilroghnacha ar ríomhaire

Má chuirtear ar an ngearrliosta thú, tabharfar cuireadh duit sraith de thrialacha ceisteanna ilroghnacha ar ríomhaire a dhéanamh i gceann d'ionaid chreidiúnaithe EPSO. Cuirfear treoracha mionsonraithe chugat trí do chuntas EPSO.

Chun go n-éireoidh leat sa chéim réamhroghnúcháin, ní mór duit an pasmharc ar a laghad a ghnóthú mar atá leagtha amach sa tábla thíos.

NB: má éiríonn leat an pasmharc a ghnóthú sna trialacha ilroghnacha ar ríomhaire do phróifíl nó grúpa feidhme áirithe, ní bheidh ort na trialacha sin a dhéanamh arís. Mar sin féin, na torthaí a ghnóthófar i dtrial do phróifíl áirithe, tá siad bailí don phróifíl agus don ghrúpa feidhme sin amháin. Leanfaidh do chuid torthaí de bheith bailí agus beidh siad le feiceáil i dtairseach an earcaitheora i mbunachar sonraí EPSO agus ar an ábhar sin beidh na seirbhísí earcaíochta in ann tú a chur ar ghearrliosta agus cuireadh chun agallaimh a thabhairt go díreach duit.

<i>Triail</i>	<i>Teanga</i>	<i>Líon ceisteanna</i>	<i>Fad ama</i>	<i>Pasmharc</i>	
Réasúnaíocht bhriathartha	Teanga 1	20	35 nóiméad	10/20	
Réasúnaíocht uimhriúil	Teanga 1	10	20 nóiméad	An dá cheann le chéile 10/20	
Réasúnaíocht theibí	Teanga 1	10	10 nóiméad		
An triail inniúlachtaí	Teanga 2	25	50 nóiméad	Grúpa Feidhme III 13/25	Grúpa Feidhme IV 16/25

Cuirfear torthaí na dtrialacha chugat trí do chuntas EPSO.

3) Agallamh le haghaidh poist

Má éiríonn leat sna scrúduithe réamhroghnúcháin, tabharfar cuireadh duit dul faoi agallaimh ag bord roghnúcháin chun measúnú a dhéanamh ar a oiriúnaí atá do cháilíochtaí, do thaithí agus an t-eolas atá agat ar theangacha do dhualgais an phoist.

Cuirfidh na seirbhísí earcaíochta an cuireadh chun agallaimh chuig an seoladh ríomhphoist a luaigh tú i do chuntas EPSO.

(Má thugtar cuireadh chun agallaimh duit, féadfar iarraidh ort ag an gcéim sin cóipeanna de dhioplómaí, teastais agus doiciméid tacaíochta eile a sholáthar chun a chruthú go bhfuil an fhaisnéis a thug do i d'iarratas i dtaobh do cháilíochtaí agus do thaithí cruinn).

4) Earcaíocht

Má éiríonn leat sna trialacha réamhroghnúcháin agus san agallamh d'fhéadfadh sé go ndéanfaí tairiscint fhoirmiúil poist a thabhairt duit⁵.

Sula n-earcófar thú, iarrfar ort bunleaganacha na ndoiciméad agus na dteastas tacaíochta a sholáthar chun go bhféadfar an fhaisnéis i d'iarratas a sheiceáil agus d'incháilitheacht a dhearbhu.

IARRATAS A DHÉANAMH: CATHAIN, CONAS AGUS CÁ hÁIT

Ní mór duit iarratas a chur isteach [ar líne](#)⁶ trí do [chuntas EPSO](#)⁷ agus an tagairt a roghnú a fhreagraíonn don phróifíl agus don ghrúpa feidhme a bhfuil tú ag cur isteach air (féach thíos). Ní mór duit an t-iarratas a líonadh isteach i mBéarla, i bhFraincis nó i nGearmáinis.

EPSO/CAST/P/1/2015 - Oifigeach airgeadais – Grúpa Feidhme III

EPSO/CAST/P/2/2015 - Comhairleoir airgeadais – Grúpa Feidhme IV

EPSO/CAST/P/3/2015 - Oifigeach tionscadal/clár – Grúpa Feidhme III

EPSO/CAST/P/4/2015 - Comhairleoir tionscadal/clár – Grúpa Feidhme IV

NB: nuair a bheidh an t-iarratas bailíochtaithe agat, ní fhéadfaidh tú aon athruithe eile a dhéanamh air. Déanfaidh EPSO na sonraí a cuireadh isteach a phróiseáil d'fhonn an nós imeachta roghnúcháin a reáchtáil.

Ní bheidh aon spriocam ann d'iarratais a chur isteach agus beifear in ann clárú don chomórtas seo go dtí go luiafear a mhalairt ar shuíomh gréasáin EPSO. Má dhéanann na Gníomhaireachtaí Feidhmiúcháin agus an Coimisiún Eorpach cinneadh an glao seo a dhúnadh, tabharfar fógra leordhóthanach duit ina thaobh sin roimh ré trí shuíomh gréasáin EPSO.

CÉN CHAOI A RACHAIDH EPSO I dTEAGMHÁIL LIOM?

Rachaidh EPSO i dteagmháil leat trí do chuntas EPSO. Is fút féin atá sé féachaint ar do chuntas EPSO go tráthrialta – dhá uair sa tseachtain ar a laghad – chun dul chun cinn an phróisis a leanúint agus chun an fhaisnéis a bhaineann le d'iarratas a sheiceáil. Chun cumarsáid a dhéanamh le EPSO, téigh chuig an [leathanach teagmhála](#)⁸ nó chuig [eu-careers.info](#).

Lena chinntiú go dtuigfidh gach duine i gceart na téacsanna ginearálta agus an chumarsáid uile idir tú féin agus EPSO, ní úsáidfear ach an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis sna cuirí chuig na trialacha agus i ngach comhfhreagras idir tú agus EPSO.

CONAS A RACHAIDH NA GNÍOMHAIREACHTAÍ FEIDHMIÚCHÁIN I dTEAGMHÁIL LIOM?

Cuirfear an comhfhreagras ar fad a bhaineann le hagallaimh chugat ar ríomhphost, cuirí chun agallaimh mar shampla, chuig an seoladh a thug tú i do chuntas EPSO. D'fhéadfadh sé go bhfaighfeá níos mó ná cuireadh amháin ó sheirbhísí earcaíochta éagsúla.

⁵ I gcásanna eisceachtúla, d'fhéadfadh seirbhísí eile seachas na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin post a thairiscint d'iarrthóirí.

⁶ <http://jobs.eu-careers.eu>

⁷ Mura bhfuil cuntas EPSO agat, nó má tá tuilleadh eolais uait, féach http://europa.eu/epso/apply/how_apply/index_ga.htm

⁸ http://europa.eu/epso/about/contact/index_ga.htm

CÉN CHAOI AR FÉIDIR LIOM NÓS IMEACHTA ATHBHREITHNITHE NÓ ACHOMHAIRC A IARRAIDH?

Tá na rialacha maidir le nósanna imeachta achomhairc ar fáil ar shuíomh gréasáin EPSO:
http://europa.eu/epso/apply/how_apply/importantdocuments/index_ga.htm

FORAS DÍCHÁILITHE A BHAINNEANN LEIS AN bPRÓISEAS CLÁRÚCHÁIN

Déanann EPSO gach iarracht féachaint chuige go gcloítear le prionsabal na córa comhionainne. Dá bharr sin, má fhaightear amach ag aon chéim den nós imeachta gur chruthaigh tú níos mó ná aon chuntas EPSO amháin, gur chuir tú níos mó ná aon iarratas amháin isteach ar aon phróifíl nó grúpa feidhme sa phróiseas roghnúcháin seo nó go ndearna tú aon dearbhuithe bréagacha, is féidir go ndícháileofar thú.

Is féidir go ngearrfar pionós ort má dhéanann tú calaois nó iarracht ar chalaois. Féach nach n-earcaíonn na hinstiúidí ach na daoine sin a léiríonn go bhfuil siad sár-ionraic iontaofa.

CAD IS CEART A DHÉANAMH MÁ TÁ SOCRUITHE SPEISIALTA DE DHÍTH ORM TOISC GO bhFUILIM FAOI MHÍCHUMAS?

1.	Má tá tú faoi mhíchumas nó má tá bail ort a d'fhéadfadh bac a chur ort agus na rialacha á ndéanamh agat, cuir tic sa bhosca a bhaineann leis sin ar an bhfoirm iarratais ar líne agus léirigh na socruithe a mheasann tú a bheith riachtanach chun déanamh na rialacha a éascú duit agus luaigh uimhir an nós imeachta roghnúcháin agus d'uimhir iarratais (seachain agus ná fág na huimhreacha sin ar lár).
2.	A luaithe is féidir é i ndiaidh duit d'iarratas ar líne a bhailíochtú, cuir isteach teastas leighis nó teastas ó chomhlacht aitheanta (cibé acu a bheidh i gceist) a dheimhníonn tú a bheith faoin míchumas sin. Scrúdófar na doiciméid tacaíochta sin ionas go bhféadfar socruithe speisialta oiriúnacha a dhéanamh do gach cás chun go sásófar (a mhéid is féidir é) iarratais a mheasfar a bheith réasúnta. Ba cheart iarrataí agus doiciméid tacaíochta a sheoladh: le ríomhphost chuig: EPSO-accessibility@ec.europa.eu , nó ar facs chuig: +32 22998081 agus 'EPSO accessibility' luaite air, nó tríd an bpost chuig: An Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) 'EPSO accessibility' (Avenue Cortenberg, 25) 1049 Bruxelles/Brussels BELGIQUE/BELGIË

IARSCRÍBHINN I – DUALGAIS

I réimse an airgeadais, d'fhéadfadh na dualgais seo thíos a bheith ar na dualgais a bheidh le déanamh i ngach próifíl agus i ngach grúpa feidhme (ag brath ar an tseirbhís i gceist):

OIFIGEACH AIRGEADAIS – GRÚPA FEIDHME III

1. Tionscnamh agus/nó fíorú airgeadais, tacaíocht airgeadais

- Sonraisc isteach, iarrataí ar aisíocaíocht agus éilimh chostais a chlárú agus a bhainistiú i gcóras airgeadais an Choimisiúin Eorpaigh
- Idirbhearta airgeadais – gealltanais, saoradh ó ghealltanais, íocaíochtaí, orduithe aisghabhála, ráthaíochtaí agus oibríochtaí creidmheasa, mar shampla – a thionscnamh i gcóras airgeadais an Choimisiúin Eorpaigh
- Na doiciméid ar fad is gá le haghaidh gealltanais, saoradh ó ghealltanais, iarrataí ar íocaíocht, orduithe aisghabhála agus oibríochtaí creidmheasa a bhailiú, a sheiceáil agus a phróiseáil
- Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm gealltanais airgeadais, saoradh ó ghealltanais a ullmhú agus a chinntiú go gcuirtear gealltanais riarachán i gcrích go tráthúil
- Tacaíocht riaracháin ghinearálta a thabhairt – aircíviú doiciméad, mar shampla, mar aon le doiciméid airgeadais a dhréachtú agus a fhormáidiú
- Tacaíocht a thabhairt an buiséad a ullmhú, a phleanáil, a thuairisciú, a thuar agus monatóireacht a dhéanamh air
- Cúnamh a thabhairt nósanna imeachta airgeadais a cheapadh agus a chur i bhfeidhm agus samhaltacha doiciméad a cheapadh agus a choinneáil bord ar bhord leis an aimsir.

2. Tacaíocht i dtaobh glaonna ar thograí/tairiscintí

- Na doiciméid airgeadais agus dlí ar fad is gá do na tairbhíthe a sholáthar, na doiciméid sin a bhailiú, a sheiceáil agus a phróiseáil
- Inmharthanacht airgeadais tairbhíthe a anailísiú
- Cúnamh a thabhairt le haon chúram a bhaineann le cúrsaí airgeadais, e.g. coigeartuithe ar an mbuiséad, eolas faoi incháilitheacht costas, eolas faoi rialacha cláir ar leith etc.
- Conradh/comhaontú deontais/leasú a ullmhú, agus sin a dhéanamh leis na huirlisí ríomhaireachta oiriúnacha
- Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm gnéithe airgeadais de tionscadail
- Caidreamh a dhéanamh le tairbhíthe i dtaobh saincheistanna airgeadais
- Íocaíochtaí agus orduithe aisghabhála a ullmhú i gcomhréir leis an gconradh agus leis na rialúcháin
- Féachaint chuige go gcomhlíontar an Rialacháin Airgeadais agus go gcloítear le lámhleabhar nósanna imeachta na gníomhaireachta.

3. Faisnéis airgeadais a bhainistiú

- Doiciméid airgeadais, comhfhreagras, comhaid arna gcur ar ais agus iarrataí ar shoiléiriú a chomhdú de réir na rialacha comhdúcháin
- Post a thagann isteach agus a bhaineann le cúrsaí airgeadais a oscailt/a chlárú/a scagadh agus é a chur ar aghaidh chuig na seirbhísí cuí
- Maoirseacht a dhéanamh ar na bunchonarthaí agus ar an mbunachar sonraí ina bhfuil siad
- Máistir-aircív a choimeád de chonarthaí a síníodh agus de réamhíocaíochtaí ar leibhéal an aonaid; féachaint chuige go n-úsáidtear uirlisí tuairiscithe ríomhaireachta ar bhealach cuí
- Cáilíocht agus comhleanúnachas sonraí airgeadais agus sonraí conarthacha sna bunachair shonraí éagsúla agus ó bhunachar sonraí go chéile a chinntiú.

4. Tacú le bainistiú cuntasáíochta

- Idirbhearta cuntasáíochta a dhéanamh agus idirbhearta atá le réiteach a réiteach

- Cuntais bainc a bhainistiú agus a réiteach
- Tuairisc a thabhairt ar chuntais ghinearálta agus ar chuntais a bhaineann leis an mbuiséad
- Coinneáil bord ar bhord le rialúcháin agus teoracha cuntasaíochta a bhaineann le hábhar
- Cáilíocht na cuntasaíochta a anailísiú agus monatóireacht a dhéanamh uirthi
- Páirt a ghlacadh in uirlisí cuntasaíochta ábhartha a cheapadh agus a bharrfheabhsú
- Cuidiú a thabhairt an fhaisnéis is gá a bhailiú chun críche iniúchadh agus rialú a dhéanamh
- Sreafaí airgid a ullmhú.

5. Tacú le bainistiú iniúchóireachta

- Sannacháin a ullmhú le haghaidh iniúchóireachtaí *ex-post* seachfhoinsithe
- Rialuithe 'ar an toirt' agus misin iniúchóireachta a dhéanamh
- Deimhin a dhéanamh de go ndéantar na bearta leasaitheacha a shainiú de bharr iniúchadh a dhéanamh ar dheontais
- Cúnamh a thabhairt faisnéis a bhailiú a theastaíonn ó ranna den Choimisiún nó ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa le hiniúchtaí agus rialuithe a dhéanamh.

COMHAIRLEOIR AIRGEADAIS – GRÚPA FEIDHME IV

1. Pleanáil agus monatóireacht buiséid/airgeadais

- An buiséad bliantúil agus ilbhliantúil a phleanáil, a ullmhú, a thuairisciú agus monatóireacht a dhéanamh air
- Cur i bhfeidhm an bhuiséid a ullmhú agus cúnamh a thabhairt an cinneadh airgeadais/an clár oibre bliantúil don chaiteachas oibríochtúil a ullmhú
- Féachaint chuige no ndéantar pleanáil agus bainistiú éifeachtach ar na próisis bhuiséadacha
- Úsáid gealltanais agus creidmheasanna íocaíochta a leanúint trí bhíthin chóras airgeadais agus Oibiacht Ghnó an Choimisiúin Eorpaigh
- Na hidirbhearta is gá a dhéanamh i gcóras airgeadais an Choimisiúin Eorpaigh chun an buiséad oibríochtúil a bhainistiú
- Comhairle, tacaíocht agus oiliúint (lámhleabhair maidir le dréachtú san áireamh) a chur ar fáil.

2. Faisnéis agus tuairisciú ar an mbuiséad/faisnéis agus tuairisciú airgeadais

- Cuidiú a thabhairt tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí a ullmhú agus faisnéis a thabhairt don tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach agus do Chúirt na nIniúcháirí
- Cuidiú a thabhairt an clár oibre bliantúil a ullmhú
- Monatóireacht a dhéanamh ar ghealltanais, caiteachas agus aisghabhálacha agus tuairisc a thabhairt orthu, go háirithe i gcás tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí, clár oibre bliantúil agus iarrataí ó Chúirt na nIniúcháirí agus ó eintitis eile
- Anailís staitistiúil agus airgeadais a chur ar fáil nuair a iarrtar sin
- Tuarascálacha ar chuntais bhuiséadacha agus ghinearálta agus/nó comhaid tríú páirtí agus conraitheora a ullmhú agus a bhainistiú.

3. Comhordú buiséadach/airgeadais agus comhairle bhuiséadach/airgeadais

- Ionstraimí dlí agus modheolaíochtaí i réimse an airgeadais a athbhreithniú go rialta nósanna imeachta airgeadais na Roinne/an Aonaid a ullmhú agus a choinneáil chun dáta
- Comhoibriú agus comhar le comhghleacaithe agus ranna a chinntiú d'fhonn nósanna imeachta, noirm agus modhanna aonchineálacha comhoiriúnacha a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun faisnéis airgeadais agus doiciméid a phróiseáil agus a rochtain
- Comhairle, oiliúint agus tacaíocht theicniúil a chur ar fáil do bhail foirne a bhfuil sé faoina gcúram oibríochtaí a thionscnamh agus a sheiceáil feadh an phróisis airgeadais ar fad: conarthaí, gealltanais, íocaíochtaí agus aisghabhálacha a ullmhú.

4. Anailísiú agus tuairisciú ar an mbuiséad/anailísiú agus tuairisciú airgeadais

- Faisnéis, sonraí nó staitisticí maidir le gnéithe airgeadais/conarthacha chonarthaí na roinne/an aonaid a aimsiú, a sholáthar agus a anailísiú
- Tuarascálacha nó freagraí ar iarrataí ar fhaisnéis maidir le cúrsaí buiséadacha agus airgeadais a ullmhú
- Faisnéis a sholáthar agus cuir i láthair a thabhairt do bhainisteoirí agus do pháirtithe leasmhara eile maidir le saincheistanna airgeadais agus buiséadacha
- Cáilíocht/comhleanúnachas sonraí airgeadais agus conarthacha sna bunachair sonraí éagsúla a chinntiú.

5. Anailís agus tacaíocht iniúchóireachta

- Cúnamh a thabhairt rialuithe 'ar an toirt' agus misin iniúchóireachta a dhéanamh
- Páirt a ghlacadh i misin iniúchóireachta, nuair a iarrtar sin
- Cúnamh a thabhairt faisnéis a bhailiú a theastaíonn ó ranna den Choimisiún nó ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa le hiniúchtaí agus rialuithe a dhéanamh
- Gnéithe airgeadais tuarascálacha rialaithe agus iniúchóireachta a dhéanann seirbhísí an Choimisiúin, Cúirt Iniúcháirí na hEorpa agus na Ballstáit a anailísiú.

I réimse na bainistíochta tionscadal, i measc na bpríomhdhualgas do gach próifíl agus do gach grúpa feidhme (ag brath ar an tseirbhís) beidh:

OIFIGEACH TIONSCADAL/CLÁR – GRÚPA FEIDHME III

1. Bainistiú clár agus tionscadal

- Cúnamh a thabhairt glaonna ar thograí/tairiscintí a ullmhú, a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- Cuidiú a thabhairt tionscadail a mheas agus a roghnú – saineolaithe a roghnú, mar shampla, agus saineolaithe a shannadh do thograí
- Gnéithe teicniúla agus airgeadais de chomhaontaithe deontais a ullmhú agus a chur i bhfeidhm go tráthúil
- Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí conarthacha (trí athbhreithnithe tréimhsiúla agus athbhreithnithe ar ghníomhaíochtaí airgeadais, iniúchtaí, tuairisciú agus cúnamh) agus rialú cáilíochta a chinntiú
- Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cothrománacha clár agus caidreamh a dhéanamh leis an gCoimisiún Eorpach

2. Caiteachas Airgeadais

- Monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar chaiteachas airgeadais tionscadal
- Dlíthiúlacht agus rialtacht idirbheart a chinntiú
- Gnéithe airgeadais tionscadal a dheimhniú d'fhonn prionsabal na bainistíochta fóna airgeadais a chinntiú

3. Bainistiú agus meastóireacht ar cháilíocht

- Cúnamh a thabhairt monatóireacht, iniúchóireacht cáilíochta agus meastóireacht a dhéanamh ar chlár agus ar thionscadail
- Cuidiú a thabhairt anailís agus measúnú a dhéanamh ar thorthaí agus ar thionchar clár agus tionscadal, aiseolas a thabhairt agus moltaí a dhéanamh i dtaobh feabhsuithe
- Deimhin a dhéanamh de go ggraobhscaoiltear torthaí tionscadal agus cúnamh a thabhairt na torthaí sin a chur i bhfeidhm

4. Cumarsáid sheachtrach – Faisnéis phoiblí

- Dea-chleachtais agus torthaí tionscadal agus clár a chraobhscaoileadh agus iad a chur i láthair ag imeachtaí a eagraíonn an Ghníomhaireacht, an Coimisiún nó tríú páirtithe
- Dréachtaí a scríobh do pháipéir agus d'fhoilseacháin a fhoilsítear ar líne i dtaobh torthaí clár agus tionscadal
- Ceardlanna agus comhdhálacha a eagrú.

COMHAIRLEOIR TIONSCADAL/CLÁR – GRÚPA FEIDHME IV

1. Glaonna ar thograí agus glaonna ar thairiscintí – cur chun cinn, meastóireacht agus caibidlíocht

- Glaonna ar thionscadail/tograí a sheoladh, a bhainistiú, a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- Faisnéis a chur ar fáil don phobal faoi ghlaonna ar thograí, faoin gclár agus faoina thosaíochtaí
- Torthaí a mheas, a anailísiú agus a mheasúnú, aiseolas a sholáthar, agus moltaí a dhéanamh maidir le feabhsuithe is féidir a dhéanamh amach anseo
- Cuidiú a thabhairt nósanna imeachta maidir le glaonna ar thionscadail/tograí a ullmhú agus a sheiceáil, i gcomhréir leis an gclár oibre bliantúil agus gníomhartha dlíthiúla eile
- Meastóirí seachtracha a roghnú agus a earcú
- Na próisis mheastóireachta a phleanáil agus a eagrú
- Deimhin a dhéanamh de go ndéantar torthaí a chur chuig iarrthóirí ar bhealach cuí
- Gníomhaíochtaí cumarsáide agus oiliúna a bhaineann le glaonna ar thograí a phleanáil agus a chomhordú.

2. Bainistiú tionscadal

- Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm tionscadal agus oibleagáidí conarthacha
- Creataí a ullmhú le haghaidh caibidlíú tionscadal, le cúnaimh ó shaineolaithe seachtracha
- Gnéithe teicniúla agus airgeadais tionscadal a bhainistiú i gcomhar le hoifigigh airgeadais agus freagracht a ghlacadh as comhsheasmhacht theicniúil, dlíthiúil agus airgeadais an chomhaontaithe ar fad
- Athbhreithnithe agus measúnuithe rialta a dhéanamh ar thuarascálacha tionscadal
- Feidhmiú mar phríomh-idirghabhálaí na dtairbhíthe agus an comhaontú deontais á chur i bhfeidhm agus na doiciméid tacaíochta ar fad a bhaineann le leasuithe ar chomhaontú deontais a sheoladh agus a bhailiú
- Dlúthchaidreamh a chothú le hoifigigh airgeadais: víosa a dheonú i gcáil gníomhaire oibríochtúil um thionscnamh
- 'Deimhniú cuí' a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm tionscadal
- Páirt a ghlacadh i gcrúinnithe faoi thionscadail le comhpháirtithe tionscadal chun na beartais agus nósanna imeachta ábhartha de chuid an Aontais Eorpaigh a mhíniú, chun torthaí a roinnt idir na tionscadail éagsúla, chun líonrú a spreagadh agus chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm teicniúil agus airgeadais tionscadal
- Tuairascálacha tionscadal a fhaomhadh agus incháilitheacht an chaiteachais agus a rialta agus a leordhóthanais is atá sé i ndáil le rialacha an chomhaontaithe deontais a rialú
- Staitisticí a ullmhú chun críocha cur i bhfeidhm, beartais agus craobhscaoileadh.

3. Cumarsáid inmheánach agus sheachtrach agus faisnéis a chraobhscaoileadh

- Dea-chleachtais a shainiú agus a chraobhscaoileadh agus clár agus tionscadail a chur i láthair ag ceardlanna, seimineáir, comhdhálacha agus imeachtaí poiblí eile
- Malartú taithí a éascú
- Craobhscaoileadh agus cur chun cinn torthaí tionscadal a chinntiú, agus bunachar sonraí tionscadal a thabhairt chun dáta go rialta

- Cuidiú a thabhairt foilseacháin a ullmhú
- Comhairle, tacaíocht agus aiseolas a sholáthar.

4. Comhordú agus comhairliúchán inmheánach

- Páirt a ghlacadh i gcomhordú gníomhaíochtaí i gcomhar le ranna den Choimisiún chun a chinntiú go n-éiríonn leis na tionscadail agus go gcuirtear i bhfeidhm an clár
- Dul i gcomhairle agus i mbun comhair le haonaid agus earnálacha eile i gcomhréimsí gníomhaíochta, agus caidreamh leo a chothú
- Páirt a ghlacadh i gcoistí ábhartha agus i gcruinnithe grúpaí idirsheirbhíse
- Tacú le comhairliúcháin idirsheirbhíse i réimse na dtionscadal.

5. Ionadaíocht agus comhordú seachtrach

- Páirt a ghlacadh i gcomhordú gníomhaíochtaí i gcomhar le heagraíochtaí seachtracha chun a chinntiú go n-éiríonn leis na tionscadail agus go gcuirtear chun feidhme an clár.
- Comhordú a dhéanamh, faisnéis a roinnt agus páirt a ghlacadh i ngrúpaí oibre agus i dtascfhórsaí le hinstitiúidí de chuid an Aontais Eorpaigh agus leis na Ballstáit
- Ionadaíocht a dhéanamh ar an ngníomhaireacht ar Choistí Monatóireachta agus Bainistíochta
- Cuidiú a thabhairt tionscadail a chomhordú le cláir agus tionscadail atá ar bun ag institiúidí eile de chuid an Aontais Eorpaigh agus ag eagraíochtaí náisiúnta agus seachtracha.

[Deireadh IARSCRÍBHINN I. Clíceáil anseo chun filleadh ar an bpríomhthéacs.](#)

IARSCRÍBHINN II – TEANGACHA

I bhfianaise an bhreithiúnais a thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Mór-Dhlísheomra) i gCás C-566/10 P, Poblacht na hIodáile v an Coimisiún, is mian le hinstiúidí an Aontais a shonrú cé na fáthanna a bhfuil na teangacha as ar féidir an dara teanga a roghnú teoranta acu sa chomórtas seo do líon srianta de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

Dá bhrí sin, cuirtear in iúl do na hiarrthóirí gur roghnaíodh dara teangacha an chomórtais seo de réir leas na seirbhíse, leas a fhágann go gcaithfidh na hearcaigh nua bheith in ann dul i mbun oibre láithreach agus go mbeidh sé ar a gcumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le linn na hoibre laethúla. Ina éagmais sin, bheadh baol ann go gcuirfí bac mór ar obair na n-institiúidí.

Cleachtas seanbhunaithe is ea é an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis a úsáid le haghaidh cumarsáid inmheánach in institiúidí an Aontais Eorpaigh agus, lena chois sin, is iad sin na teangacha is minice a mbíonn gá leo nuair a bhítear ag déanamh cumarsáid leis an saol lasmuigh nó ag láimhseáil cásanna. Ar a bharr sin, is iad an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis na dara teangacha is leitheadaí san Aontas Eorpach agus is iad is mó a ndéantar staidéar orthu mar dhara teangacha. Ós amhlaidh atá, is féidir bheith ag súil faoi láthair le leibhéal áirithe oideachais agus inniúlachtaí gairme a bheith ag iarrthóirí ar na poist in institiúidí an Aontais Eorpaigh, mar atá, sáreolas ar cheann de na teangacha sin ar a laghad.

Dá bhrí sin, agus leas na seirbhíse agus riachtanais agus inniúlachtaí na n-iarrthóirí á gcur sa mheá, agus sainréimse an chomórtais seo á chur san áireamh, tá ábhar maith ann trialacha a eagrú sna trí theanga sin chun a chinntiú go mbeidh na hiarrthóirí uile in ann a gcuid oibre a dhéanamh i gceann amháin de na teangacha sin ar a laghad, is cuma cén chéad teanga oifigiúil atá acu. Ina theannta sin, chun go mbeidh cothrom iomaíochta ann, ní mór do gach iarrthóir – fiú má tá ceann de na trí theanga sin ina céad teanga oifigiúil aige – trialacha áirithe a dhéanamh sa dara teanga aige, agus beidh an dara teanga le roghnú as na trí theanga sin. Trí na hinniúlachtaí sonracha a mheas ar an dóigh sin, is féidir le hinstiúidí an Aontais a meas a thabhairt ar ábaltacht na n-iarrthóirí dul i mbun oibre láithreach i dtimpeallacht atá cosúil leis an timpeallacht ina n-iarrfar orthu bheith ag obair. Tá sin ar fad gan dochar don fhéidearthacht tríú teanga a fhoghlaim níos faide anonn i gcomhréir le hAirteagal 85(3) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach.

[Deireadh IARSCRÍBHINN II. Cliceáil anseo chun filleadh ar an bpríomhthéacs.](#)